An Roinn Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment,
Climate and Communications

**Plean Limistéir Mhuirí Ainmnithe an Chósta Theas d'Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta (SC-DMAP): Comhairliúchán Poiblí**

*Comhairliúchán Poiblí ar an gcéad Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe d'Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta Theas*

Tá ceann de na hacmhainní gaoithe agus fuinnimh ghlais amach ón gcósta is fearr ar domhan ag Éirinn a bhfuil acmhainneacht shuntasach aici saol amach anseo atá neodrach ó thaobh na haeráide de, deiseanna agus tairbhí suntasacha dearfacha eacnamaíocha agus sochaíocha, agus caighdeán maireachtála níos fearr a sholáthar do chách. Is é an Dréachtphlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe don Chósta Theas um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta (SC-DMAP) an chéad phlean spásúil muirí fonáisiúnta, fórasach d'fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta atá molta ag an Stát.

Déanfar foráil sa dréacht-SC-DMAP d'fhorbairt inbhuanaithe na gaoithe amach ón gcósta trí chosaint an chomhshaoil agus úsáideoirí agus gníomhaíochtaí muirí atá ann cheana a bhreithniú, agus bithéagsúlacht mhuirí a chothabháil agus, nuair is féidir, feabhas a chur uirthi.

Tá an dréacht-SC-DMAP agus na measúnuithe comhshaoil a bhaineann leis - Tuarascáil Comhshaoil um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) - ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí ón 3 Bealtaine 2024 go dtí an 14 Meitheamh 2024. Iarrtar ort aighneachtaí a dhéanamh le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí reachtúil sé seachtaine, a bheidh mar bhonn eolais do leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo ar an dréacht SC-DMAP.

Is é 5.00pm an 14 Meitheamh 2024 an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí. Tá gach doiciméad ar fáil le híoslódáil ag an www.gov.ie/southcoastdmap

Tá leagan inphriontáilte den suirbhé seo ar fáil le híoslódáil agus is féidir é a sheoladh trí ríomhphost chuig southcoastdmap@DECC.gov.ie nó tríd an bpost chuig: An Rannán Idirnáisiúnta agus Fuinnimh Eischósta, Aighneacht DMAP an Chósta Theas, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 29-31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2, D02 X285.

**Sna ceisteanna a leanann, roinn do thuairimí linn maidir leis an mbealach is fearr is féidir le hÉirinn leas a bhaint as an deis ghaoithe amach ón gcósta seo chun tairbhí a uasmhéadú dár n-aeráid, dár gcomhshaol agus dár bpobail.**

**CEISTEANNA**

1. **Limistéir Mhuirí a Aithint d'fhorbairt gaoithe amach ón gcósta**

Tá sé mar aidhm ag an dréacht-SC-DMAP forbairt agus fás inbhuanaithe na ngeilleagar muirí agus cósta agus úsáid inbhuanaithe acmhainní muirí agus cósta a chur chun cinn. Tá cur chuige bunaithe ar éiceachóras in úsáid ag an Rialtas chun ceithre Limistéar Muirí a aithint ina bhféadfadh feirmeacha gaoithe seasta amach ón gcósta a bheith lonnaithe i limistéar dréacht-SC-DMAP. Is éard atá i gceist leis seo ná measúnuithe spásúla agus beartais a dhéanamh bunaithe ar shonraí agus ar fhaisnéis chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch, agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara agus an phobail a chomhtháthú le linn an phróisis. D'fhéach sainaithint na Limistéar Muirí le drochthionchair chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo a sheachaint agus a íoslaghdú, lena n-áirítear tionchair ar bhithéagsúlacht, láithreáin Natura 2000 AE, agus úsáideoirí muirí eile atá ann cheana féin. Rinneadh é seo tríd an anailís chuimsitheach chomhshaoil agus theicniúil.

*An aontaíonn tú leis na ceithre limistéar muirí a shainaithnítear d'fhorbairt gaoithe amach ón gcósta amach anseo sa dréacht SC-DMAP? Mura n-aontaíonn tú, cén fáth?*

## 2. Forbairt inbhuanaithe agus cosaint an chomhshaoil

Déanfaidh an dréacht-SC-DMAP foráil d'fhorbairt inbhuanaithe na gaoithe amach ón gcósta trí chosaint an chomhshaoil a bhreithniú, agus bithéagsúlacht mhuirí a chothabháil agus, nuair is féidir, a fheabhsú. Déanfaidh struchtúr rialachais maoirseacht agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm an dréacht-SC-DMAP lena n-áirítear tionchair chomhshaoil. Ag tógáil ar an mbeartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil maidir le pleanáil talún agus muirí, agus eolas a chur ar fáil dó, beidh cuspóirí beartais a leagtar amach sa dréacht-SC-DMAP mar bhonn eolais do chinntí agus do mheasúnuithe a dhéanfaidh údaráis inniúla ábhartha amach anseo maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta atá beartaithe agus an t-bonneagar atá acu i leith cumasúcháin, lena n-áirítear le haghaidh tarchur leictreachais amach ón gcósta agus ar tír. Beidh aon tionscadail ghaoithe amach ón gcósta amach anseo agus aon bhonneagar tarchurtha gaolmhar laistigh den dréacht-SC-DMAP faoi réir gach measúnú comhshaoil agus ceadanna Stáit is gá.

*An aontaíonn tú go dtacóidh agus go dtreoróidh dréachtchuspóirí beartais agus cur chuige rialachais dréacht-SC-DMAP, lena n-áirítear maidir le cosaint an chomhshaoil, lena chur chun feidhme ar bhonn inbhuanaithe agus comhleanúnach?*

| |
|---|
| |

### 3. Úsáid chomhroinnte na farraige a chur chun cinn

Is é is aidhm don dréacht-chur chuige bunaithe ar éiceachóras dréacht-SC-DMAP deiseanna a uasmhéadú le haghaidh cómhaireachtáil idir fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta agus úsáideoirí agus gníomhaíochtaí muirí eile amhail dobharshaothrú, iascaireacht tráchtála agus gníomhaíocht bia mara, agus turasóireacht agus áineas, chomh maith le cosaint na muirthimpeallachta agus na bithéagsúlachta. Foráiltear sa Dréachtphlean nár cheart eisiaimh bhuana éigeantacha ar ghníomhaíochtaí nó ar úsáidí breise laistigh de Limistéir Mhuirí a shainaithnítear d'fhorbairt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta amach anseo a fhorchur ach amháin a bhaineann le sábháilteacht nó i gcúinsí eisceachtúla eile.

*An aontaíonn tú go n-áirítear sa dréacht SC-DMAP forálacha leordhóthanacha maidir le cómhaireachtáil idir fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta agus gníomhaíochtaí muirí eile?*

| |
|---|
| |

## 4. Tairbhí a uasmhéadú do chách

Léiríonn anailís eacnamaíoch neamhspleách go bhféadfadh cur chun feidhme an dréacht-SC-DMAP deiseanna suntasacha eacnamaíocha agus sochaíocha a chruthú in Éirinn, trí infheistíocht isteach agus cruthú fostaíochta. Léiríonn an anailís freisin go ngabhfar formhór na mbuntáistí sin ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil feadh an chósta theas. Is príomhchuspóir de chuid dréacht-SC-DMAP é na tairbhí agus na deiseanna eacnamaíocha sin a uasmhéadú.

*An aontaíonn tú go dtacóidh an creat faoi stiúir an phlean a leagtar amach sa* dréacht-SC-DMAP *go héifeachtach le deiseanna eacnamaíocha agus fostaíochta, lena n-áirítear deiseanna feadh an chósta theas?*

| |
|---|
| |